CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/227 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/101/CBES ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/101/CBES, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 20 Feabhra 2023. Ba cheart don Chomhairle athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu i bhfianaise forbairtí polaitiúla agus slándála sa tSiombáib.

(3) Ba cheart triúr a scriosadh ó liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES, agus ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES a scriosadh.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/101/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 20 Feabhra 2023.

3. Déanfar an Cinneadh seo a choimeád faoi athbhreithniú leanúnach agus déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) scriostar Iarscríbhinn II.

([1]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES, cuid "I. Daoine", scriostar na hiontrálacha maidir leis na daoine seo a leanas:

"2.	MUGABE, Grace	Rugadh an 23.7.1965 Pas AD001159 ID 63-646650Q70	Iar-Rúnaí Léig na mBan de chuid ZANU-PF (Zimbabwe African National Union – Patriotic Front) ["Aontas Náisiúnta Afracach na Siombáibe - Fronta Tírghrách"], páirteach i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór ón daonlathas, ón urraim do chearta an duine agus ón smacht reachta. Ghlac an Iron Mask Estate chuici féin in 2002; líomhnaítear go mbaineann sí brabúis mhóra go haindleathach as mianadóireacht diamant.
5.	CHIWENGA, Constantine	Leas-Uachtarán Iar-Cheannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe, Gineárál ar scor a rugadh an 25.8.1956 Pas AD000263 ID 63-327568M80	Leas-Uachtarán agus iar-Cheannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe. Comhalta den Cheannas Oibríochtúil Comhpháirteach (Joint Operational Command) agus comhpháirteach i mbeartas stáit diansmachtúil a cheapadh nó a stiúradh. Bhain sé úsáid as an arm chun feirmeacha a tháthcheangal. Le linn na dtoghchán in 2008, bhí lámh ar leith aige i gcruthú an fhoréigin a bhain leis an bpróiseas don dara babhta den toghchán uachtaráin.
7.	SIBANDA, Phillip Valerio (dá ngairtear Valentine freisin)	Ceannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe Iar-Cheannasaí ar Arm Náisiúnta na Siombáibe, Gineárál, a rugadh an 25.8.1956 nó an 24.12.1954 ID 63-357671H26	Ceannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe agus iar-Cheannasaí ar Arm Náisiúnta na Siombáibe. Ball sinsearach den arm a bhfuil naisc aige leis an Rialtas agus atá comhpháirteach i mbeartas stáit diansmachtúil a cheapadh nó a stiúradh."